

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AN STIÚRTHÓRA AICMITHE SCANNÁN 2009

56

103

50

19

22

57

CLÁR ÁBHAR

Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	3
Príomhfhorbairtí i 2009	8
Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte	13
Airgeadas	13
Deimhniú Scannán Pictiúrlainne	16
Deimhniú Físeán/ DVDanna	17
Ceadúnais a Eisíodh	17
An Fhoireann	22

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán a chur i láthair de réir mar atá forordaithe in Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Tharla go leor athraithe in IFCO i mbliana. I mí na Bealtaine, bhog an oifig ó Ardán Fhearchair, an áit ina raibh sí ó 1945, chuig oifigí nua i Margadh na Feirme, a d'oscail tú féin go hoifigiúil an 21 Iúil. Tharla an t-athlonnú seo chun díolachán Ardán Fhearchair a éascú mar chuid de thionscnamh um thithíocht inacmhainne an Rialtais.

Buntáiste amháin a bhaineann lenár láthair nua is ea an deis atá againn spás pictiúrlainne a fháil ar léas ó phictiúrlann an Light House dár dtaispeántais scannán. Dá bharr sin, níl aon ghá anois pictiúrlann saintógtha d'IFCO amháin a thógáil, rud a bheadh thar a bheith costasach. Go dtí seo tá ag éirí go han-mhaith leis an socrú seo.

I dteannta leis an mbogadh seo, tá an dara céim agus an chéim dheiridh den uasghrádú ar ár gcóras IT comhtháthaithe seolta againn, rud a thugann ní amháin seirbhís i bhfad níos fearr dár gcustaiméirí gnó, ach a thugann eolas ar aicmiú agus eolas do thomhaltóirí maidir le gach eisiúnt DVD, agus mar sin cuireann sé an t-eolas céanna ar fáil do thuismitheoirí/do chaomhnóirí a bhí ar fáil cheana do scannáin pictiúrlainne.

Mar a luadh i dtuarascáil na bliana seo caite, bíonn luas na bhforbairtí i margadh na siamsaíochta baile ina dhúshlán do rialtóirí agus dóibh siúd a chuireann comhairle agus treoir ar fáil faoi ábhar.

Feictear in 2010 rochtain i bhfad níos éasca ar "fhíseán ar éileamh" agus beimid ag bualadh leis na comhpháirtithe éagsúla lena mbaineann chun na saincheisteanna reachtúla agus/nó comhairleacha a thugann sé seo chun cinn a shoiléiriú.

Ar an iomlán is 6,690 DVD a deimhníodh in 2009, sin laghdú de 15.9% ar 2008. Is iomaí cúis a bhí leis an titim sin, ach an phríomhchúis ná gur tháinig deireadh leis an líon sean-scannán a bhí á gcur isteach ag stiúideonna lena ndeimhniú. Chuir na sean-saothair sin go leor le láimhdeachas na dtí bliana roimhe sin.

Tá físchluichí díolmhaithe i gcónaí ón aicmiú faoin Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, ach déantar iad a aicmiú faoin gcóras Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI), a bhfuil Éire ina comhalta bunaithe de, agus creidim mar chuid d'athbhreithniú foriomlán ar éifeachtúlacht Acht 1989, go bhféadfaí aicmithe PEGI a ionchorprú agus an stádas céanna a thabhairt dóibh is atá ag na haicmithe físeáin atá ann cheana féin.

Chuir na constaicí buiséadaithe reatha cosc arís ar thabhairt faoi thaighde custaiméara ná feachtas feasachta poiblí ar bith. Cé go bhfuil gá leis an gciorrú seo i bhfianaise na gcoinníollacha reatha, is údar inní í an t-achar atá caite ón t-am deireanach a rinneadh taighde nó feachtas suntasach den chineál sin in 2004/5, achar ama atá ag méadú.

Is i mí na Samhna a chuaigh John Kelleher ar scor mar Stiúrthóir. Gné dá thréimhse mar Stiúrthóir an nuálacht chuiditheach i go leor réimsí, go háirithe idirghníomhú leis an bpobal, go háirithe le thuismitheoirí/caomhnóirí, agus comhairle do thomhaltóirí a chur ar fáil don chéad uair maidir le gach eisiúint pictiúrlainne, trí láithreán gréasáin IFCO.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as an méid a rinne an fhoireann d'aicmitheoirí cúnta, bainisteoir na hoifige Mary Ita O'Sullivan agus mo chomhghleacaithe státseirbhíse ag IFCO agus leis an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha sa Roinn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don mhéid ollmhór a rinne David Power, a ndeachaigh a chonradh mar aicmitheoir cúnta in éag i mí na Samhna.



Ger Connolly

An Stiúrthóir Aicmithe Scannán Gníomhach



BRAD PITT IS A BASTERD

16

“Foréigean láidir agus an-ghrána uaireanta – Tarantino go smior. I gcomhthéacs aicmithe 16/18, ar éigean a d’fheilfeadh sé do dhuine 16 bliain d’aois.”

(Comhairle tomhaltóra ar Inglourious Basterds ar láithreán gréasáin an IFCO)

Inglourious Basterds

Stiúrtha ag Quentin Tarantino



PG

“Áirítear ann radhairc scanrúla/bagracha atá cosúil le húrscéal Dickens. Molaimid go láidir go mbeadh duine fásta in éineacht le leanaí atá níos óige.”

(Comhairle tomhaltóra ar A Christmas Carol or Láithreán gréasáin an IFCO)

A Christmas Carol

Stiúrtha ag Robert Zemeckis



Gníomhaíocht Oibríochta

Is 307 an líon iomlán de ghnéscannáin pictiúrlainne a deimhníodh in 2009, sin méadú de 3.4% ar 2008.

Ar an iomlán is 6,690 DVD a deimhníodh, sin laghdú de 15.9% ar 2008. Is treocht dhomhanda í seo agus is í ceann de na príomhchúiseanna ná gur tugadh deimhniú sean-scannán chun críche.

Achomhairc

Bhreithnigh an Bord Achomhairc um Aicmiú Scannán 4 achomharc ar leithligh le linn 2009.

I mí Feabhra rinne an Dáilitheoir (Paramount Pictures) achomharc ar an deimhniú 18 a tugadh do WATCHMEN. D'éirigh leis an achomharc agus tugadh deimhniú 16 don scannán.

I mí Iúil rinne an Dáilitheoir (Optimum Releasing) achomharc ar an deimhniú 18 a tugadh do ORPHAN. D'éirigh leis an achomharc agus tugadh deimhniú 16 don scannán.

I mí na Samhna rinne an Dáilitheoir (Paramount Pictures) achomharc ar an deimhniú 18 a tugadh do LAW ABIDING CITIZEN. D'éirigh leis an achomharc agus tugadh deimhniú 16 don scannán.

I mí Feabhra rinne an Dáilitheoir (Paramount Pictures) achomharc ar an deimhniú 15A a tugadh do THE LOVELY BONES. D'éirigh leis an achomharc agus tugadh deimhniú 12A don scannán.

Scannáin Phictiúrlainne Ar Eisiúint Theoranta

Deimhníodh 111 scannán ar eisiúint theoranta le linn 2009 (2008 - 109).

Tá ag éirí leis an tionscnamh seo i gcónaí ó thaobh gnó de, agus, níos tábhachtaí, tugann sé deis do lucht pictiúrlainne na hÉireann scannáin a fheiceáil a d'fhéadfaí gan a bheith ina n-eisiúintí inmharthana dá nDáilitheoirí. In 2009 áiríodh ar chuid de scannáin an tionscnaimh sin MOON, FLAME AND CITRON, IN THE LOOP, COCO BEFORE CHANEL, PERRIER'S BOUNTY, A PROPHET, IL DIVO, KATY, FROZEN RIVER, AN EDUCATION, SIN NOMBRE agus THE WHITE RIBBON.

DVDanna Ar Eisiúint Theoranta

Ba é 2009 an chéad bhliain iomlán ina raibh scála na dtáillí íslithe do DVDanna ar eisiúint theoranta. Rinneadh 1,363 iarratas den sórt sin agus i bhfianaise an laghdaithe in aighneachtaí DVD,

rud dearfach a bhí i dtabhairt isteach an ráta íslithe sin ó thaobh ioncaim agus aschuir de. Arís, chuir dáilitheoirí fiseáin fáilte mhór roimhe seo, agus tá méadú dá bharr ar éagsúlacht na dteideal a eisítear i margadh na hÉireann (leas mionlaigh, teanga iasachta, etc.).

Forbairtí IT

An tráth céanna le bogadh na hoifige ó Ardán Fhearchair chuig Margadh na Feirme, cuireadh an dara céim d'uasghrádú ar chóras IT comhtháthaithe IFCO i bhfeidhm.

Is é an buntáiste a bhaineann leis seo do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus don phobal i gcoitinne ná go bhfuil fáil ar dheimhniú agus ar eolas do thomhaltóirí ar gach eisiúint DVD, rud a thugann an méid céanna eolais agus comhairle nach raibh ar fáil cheana ach do scannáin phictiúrlainne.

Maidir lenár custaiméirí gnó, áirítear ar na feabh-súcháin, saoráid lenár féidir leo iarratas ar aicmiú a dhéanamh ar líne. Tá IFCO ar cheann de na chéad eagraíochtaí ar domhan an tseirbhís sin a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, chomh luath agus a dhéantar an t-aicmiú, cuirtear an t-aicme ar aghaidh ar an bpointe chuig an gcliant ar ríomhphost. Tá fáil ag dáilitheoirí chomh maith ar a gcuid eolas airgeadais agus is féidir leo dul chun cinn a n-iarratas a leanúint ar chóras IFCO. Chuir ár gcuid cliant ar fad fáilte mhór roimh an dul chun cinn seo san IT.

Físchluichí

Mar a dúirt mé i mo litir, tá físchluichí díolmhaithe ó aicmiú faoin Acht um Fhístaifeadtaí 1989 i gcónaí. D'fhéadfadh sé áfach, go mbeadh cosc ar chluiche faoi leith faoi Alt 3 den Acht. Déantar aicmiú ar chluichí, áfach, ag baint úsáide as PEGI (Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí) a bhfuil Éire ina comhalta bunaithe de.

Tá an Stiúrthóir Gníomhach, Ger Connolly, ina chomhalta de Bhord Comhairliúcháin agus de Bhord Achomhairc PEGI ó bunaíodh é in 2003.

Bunaíodh córas rátála de réir aoise PEGI sa bhliain 2003 d'fhonn cuidiú le tuismitheoirí san Eoraip cinneadh a dhéanamh agus cluichí idirghníomhacha á gceannach acu. Ó shin i leith, tá rátáil déanta ag PEGI ar bhreis agus aon mhíle dhéag físchluiche.

Dearadh an córas d'fhonn a chinntiú nach dtiocfadh an cluiche nach n-oireann dá n-aoisghrúpa féin os comhair daoine óga agus tá tacaíocht á thabhairt dó ag mórdhéantóirí na gconsól, PlayStation, Xbox agus Nintendo ina measc, chomh maith le foilsitheoirí agus lucht ceaptha na gcluichí idirghníomhacha ar fud na hEorpa.

Tugann an córas PEGI rátáil d'fhíschluichí faoi na catagóirí aoise seo a leanas: 3, 7, 12, 16 agus 18. Cuireann IFCO scrúdú ar chluichí a bhfuil rátáil 18 acu go huathoibríoch sula n-eisítear iad.

Tugann IFCO tacaíocht leanúnach don chóras PEGI mar thionscnamh rathúil a thugann cuidiú bunúsach do thuismitheoirí d'fhonn oiriúnacht ábhair a chinneadh maidir le daoine óga ag aoiseanna éagsúla. Dá mbeadh na rátálacha sin ionchorpraithe inár reachtaíocht thabharfadh sé deis na haicmithe a fhorfheidhmiú ar an tslí chéanna a dhéantar maidir le DVD.

Chomh maith le hÉirinn, seo a leanas comhaltai eile PEGI: an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Tá PEGI in úsáid anois ag an mBulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ungáir, an Íoslainn, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin, Poblacht na Slóvaice agus an tSlóivéin.

Seo é seoladh láithreán gréasáin PEGI:
www.pegi.org.

Taighde & Feasacht Phoiblí

Tá 6 bliain caite ó rinneadh suirbhé ar dhearcadh thuismitheoirí agus dhéagóirí ar aicmiú scannán, agus tá 5 bliain caite ó rinneadh an mórfheachtas feasachta poiblí deireanach.

Thug suirbhé a rinneadh in 2007 le tuiscint nach raibh ach 12% den phobal ar an eolas faoi láithreán gréasáin IFCO. Gheobhadh cion mór de dhaoine a rinne teagmháil leis an oifig maidir le haicmiú freagraí ar a gcuid fiosrúcháin ach cuairt a thabhairt ar an láithreán gréasáin.

I bhfianaise an dul chun cinn feicneolaíochta sa tsiamsaíocht baile, chomh maith le scannáin 3D i bpictiúrlanna, tá sé práinneach dul i gcomhairle an phobail chun an taithí atá acu agus a bhfuil uathu i réimse an aicmithe a fháil amach, agus feachtas forghníomhach a chur ar bun a chuirfidh an pobal ar an eolas faoi na huirlisí atá ar fáil dóibh.

Cé go dtuigtear go bhfuil dian-srianta buiséid ar bun faoi láthair, Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an tábhacht a bhaineann leis an méid thuas maidir le IFCO a oibriú go rathúil.

Grúpaí Fócais

Mar a rinneadh cheana, thug sraith taispeántas scannán do ghrúpaí fócais deis don IFCO teagmháil a dhéanamh le thuismitheoirí, daoine óga, mic léinn dara agus tríú leibhéal, oideachasóirí, síceolaithe, etc., agus a dtuairimí siúd a fháil. Is duine dár bhfoireann Aicmitheoirí Cúnta, Mark Brennan, atá freagrach as taispeántais scannán/díospóireachtaí na ngrúpaí fócais IFCO a chomhordú.

I bhfianaise na srianta sa réimse taighde dá dtagraítear thuas, tá ról níos tábhachtaí fós ag na seisiúin sin maidir le IFCO a chur ar an eolas faoi ionchais an phobail.

I measc na scannán a taispeánadh le grúpaí den sórt sin in 2009 bhí GRAN TORINO, FIFTY DEAD MEN WALKING, IN THE LOOP, THE DAMNED UNITED, UP IN THE AIR & IS THERE ANYBODY THERE.

I measc na ngníomhaireachtaí, na gcomhlachtaí ionadaíochta agus na ndaoine eile a ghlac páirt i dtaispeántais scannán agus i ndíospóireachtaí do ghrúpaí fócais i rith na bliana bhí: An Chomhairle Ealaíon, an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí, Institiúid na dTreoirchomhairleoirí agus an Chomhairle Náisiúnta don Aos Óg. Bhí go leor mac léinn dara leibhéal agus a gcuid múinteoirí páirteach freisin chomh maith le mic léinn agus oideachasóirí ó NUIG, UCD agus TCD.

Le linn na bliana rinne an Stiúirthóir John Kelleher, an Leas-Stiúirthóir Ger Connolly agus an tAicmitheoir Cúnta David Power cur i láthair in ionaid éagsúla ar fud na tíre.

Modúl In Oideachas Na nÍomhánna Gluaiste Do Ranganna Idirbhliana

Is tionscnamh é seo a bunaíodh sa bhliain 2005 i gcomhar leis an IFI (Institiúid Scannán na hÉireann) agus an Roinn Oideachais, lena gcuirtear sraith taispeántas scannán agus ceardlann ar fáil do mhic léinn dara leibhéal agus lena ndéantar plé maidir le cúrsaí aicmithe agus cinsireachta le IFCO. Leanadh leis in 2009. Molann múinteoirí agus mic léinn araon é agus is é tuairim an IFI gur cuid an-fhiúntach den mhodúl é ó thaobh oideachais.





I2A

“Foréigean measartha ann go minic idir an cine daonna agus carachtair fantaisí. Roinnt radharc le sá agus troideanna fada. D’fhéadfadh go leor de na créatúir a thaispeántar a bheith an-scanrúil don lucht féachana níos óige. Tá droch-chaint mheasartha i rith an scannáin go léir.”

(Comhairle tomhaltóra ar Avatar ar láithreán gréasáin an IFCO)

Avatar

Stiúrtha ag James Cameron

PRÍOMHFHORBAIRTÍ

Comhlíonadh Reachtaíochta

Leanann IFCO ar aghaidh ag comhoibriú leis na Gardai, Custaim etc. maidir leis an obair lena chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht faoina n-oibríonn IFCO. Leanann cigireacht IFCO ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh an Achta um Fhístaifeadtaí agus cuireann sí aon sárú líomhnaithe ar aghaidh chuig na Gardai chun tuilleadh fiosruithe a dhéanamh. Scrúdaímid chomh maith ábhar a ghabhann na húdaráis agus eisítear deimhnithe maidir le forálacha éagsúla an Achta.

Láithreán Gréasáin IFCO: www.ifco.ie

Bhí ardú 8% i mbliana ar an líon cuairteanna a tugadh ar láithreán gréasáin IFCO sa bhliain 2008 (392,990 cuairt ar fad sa bhliain 2009). Faoi láthair, cuireann an láithreán gréasáin comhairle do thomhaltóirí ar scánnáin fhictiúrlainne ar fáil do thuismitheoirí agus don phobal, agus le gairid anuas tá an tseirbhís seo leathnaithe againn chun eisiúintí DVA/Físeán/Blu-ray a chur san áireamh. Tá comhairle do thomhaltóirí ar fáil anois ar 3,393 teideal a deimhníodh le gairid d'eisiúint ar DVD, uimhir atá ag méadú go seasta ó lá go lá. Tá aiseolas thar a bheith dearfach faighte againn ón bpobal ar an gcomhairle do thomhaltóirí atá ar fáil ar an suíomh. Tá gá, áfach, mar a luaitear thuas, níos mó daoine a chur ar an eolas faoi suíomh seo.

Post Cigireachta


Tugann Cigirí IFCO cuairt go tráthrialta ar áitribh mhiondíola lena sheiceáil go bhfuil forálacha an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, á gcomhlíonadh. Cé go mbíonn na coinníollacha á gcomhlíonadh sa chuid is mó de na cásanna, tionscnáítear beart cuí ina n-aghaidh siúd a sháraíonn na riachtanais. Bíonn caidreamh leanúnach idir IFCO agus na Gardai agus rinneadh ionchúiseamh i roinnt cásanna i rith na bliana agus táthar ag plé le cásanna eile sa chóras dlí chomh maith.

Imeachtaí Athbhreithnithe Breithiúnach na hArd-Chúirte

Táthar fós ag fanacht le dáta éisteachta maidir le hachomhairc Jacqueline Byrne chuig an gCúirt Uachtarach, in aghaidh bhreithiúnas an Bhreithimh Kevin O'Higgins, a seachadadh san Ard Chúirt an 21 Nollaig 2007 agus a ndearnadh tagairt dó i dTuascáil Bhliantúil 2007.



Granny O'Grimm's Sleeping Beauty - PG



Star Trek - 12A



The Hangover - 16

Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte

Tarchuireann an Oifig gearáin maidir le sáruiithe ar fhorálacha an Achta um Scrúdóireacht Scannán, 1923 agus an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 chuig an Garda Síochána lena n-imscrúdú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a sholáthar is inghlactha mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

Ba é an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh in 2009 a thaispeánann nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) (b) maidir le saothair áirithe ná 79.

Airgeadas

Is mar seo a leanas na táillí a ghearr an Oifig do dheimhniú scannán pictiúrlainne agus DVDanna/físeán agus d'eisiúint cheadúnas i 2009

Scannán	286,409
DVDanna/Físeán	1,702,670
Ceadúnais	408,770
Iomlán	2,397,849

Ioncam iomlán a fuarthas in 2009 thar ceann an Chuntasóra, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN AN IFCO - COMHAIRLE TOMHALTÓRA







“Roinnt radharc le bagairt éadrom a d’fhéadfadh a chur as do leanaí atá an-óg.”

(Comhairle tomhaltóra ar Up ar láithreán gréasáin an IFCO)


Up

Stiúrtha ag Pete Doctor, Bob Peterson



DEIMHNIÚ SCANNÁN PICTIÚRLAINNE


Scannáin Pictiúrlainne a Deimhníodh i 2009



Príomhscannáin	307
Gearscannáin	2
Blaisíní	386
Iomlán	695

	2006	2007	2008	2009
Príomhscannáin	265	284	297	307
Gearscannáin	6	4	10	2
Blaisíní	366	343	378	386
Iomlán	637	631	685	695

De Réir Catagóire



G	22
PG	50
12A	56
15A	103
16	57
18	19
Total	307

	2006	2007	2008	2009
G	18	15	21	22
PG	36	51	50	50
12A	53	46	65	56
15A	94	109	86	103
16	42	41	55	57
18	22	22	20	19
Iomlán	265	284	297	307

Fad Iomlán Na Scannán Pictiúrlainne a Deimhníodh


AON TÍR LÉIRITHE AMHÁIN

An Astráil	1
An tSín	1
An Danmhairg	1
An Fhrainc	8
An Ghearmáin	1
An India	20
Éire	9
An Iodáil	4
An tSeapáin	3
Meicsiceo	1
An Nua-Shéalainn	1
An Pholainn	1
An Chóiré Theas	3
An Spáinn	2
An tSualainn	1
An Téalainn	1
An Ríocht Aontaithe	37
Stáit Aontaithe Mheiriceá	143
IOMLÁN	238

NÍOS MÓ NÁ TÍR LÉIRITHE AMHÁIN (i.e. comhléiríú)

An Astráil/An Ríocht Aontaithe	2
An Ostair/An Ghearmáin/An Fhrainc/An Iodáil	1
Ceanada/An Ghréig	1
Ceanada/SAM	7
An tSile/An Bhrasail	1
An tSín/An tSeapáin/An Fhrainc	1
An Danmhairg/An Ghearmáin/An Fhrainc/An tSualainn/An Iodáil/An Pholainn	1
An tSualainn/An Danmhairg/An Iorua/An Fhionlainn/An Ghearmáin	1
An Danmhairg/Poblacht na Seice/An Ghearmáin	1
An Fhrainc/An Bheilg	1
An Fhrainc/An Bheilg/An Libéir	1
An Fhrainc/Ceanada	1
An Fhrainc/Ceanada/An Iodáil	1
An Fhrainc/Ceanada/An Ríocht Aontaithe	2
An Fhrainc/An Iodáil	1
An Ghearmáin/An Rúis/An Ríocht Aontaithe	1
An India/An Ríocht Aontaithe	3
An India/SAM	1
Éire/Poblacht na Seice	1
Éire/An Fhrainc	1
Éire/An Ríocht Aontaithe	3
Éire/SAM	1
An Chasacstáin/An Rúis	1
Meicsiceo/SAM	2
An Rómáin/An Fhrainc	1
An Spáinn/An Ríocht Aontaithe,	1
An Ríocht Aontaithe/Ceanada	1
An Ríocht Aontaithe/An Fhrainc	1
An Ríocht Aontaithe/An Fhrainc/An Iodáil/An Bheilg	1
An Ríocht Aontaithe/An Ghearmáin	2
An Ríocht Aontaithe/Stáit Aontaithe Mheiriceá	9
An Ríocht Aontaithe/Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Fhrainc	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Astráil	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/Hong Kong/An tSeapáin	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Ghearmáin	5
Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Ghearmáin/An Ríocht Aontaithe	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/Hong Kong/An tSeapáin	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Afraic Theas	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Spáinn	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/Aontas na néimíróchtaí Arabacha	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Ríocht Aontaithe/An Astráil	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/Ceanada/An Astráil	1
Stáit Aontaithe Mheiriceá/An Ríocht Aontaithe/An Nua Shéalainn	1
IOMLÁN	69

Saothar DVD/Físeán a Deimhníodh i 2009 De Réir Catagóire



G	1581
PG	1383
12	1468
15	1839
18	419
Iomlán	6690



Twilight Saga: New Moon - 12A


Saothar DVD/Físeán a Deimhníodh ó 2006 - 2009 De Réir Catagóire

	2006	2007	2008	2009
G	3042	2317	1977	1581
PG	2625	1855	1891	1383
12	1872	1592	1659	1468
15	1955	1806	1915	1839
18	432	463	517	419
Iomlán	9926	8033	7959	6690



Harry Potter And The Half-Blood Prince - 12A

Ceadúnais a Eisíodh i 2009



MÓRDHÍOL	7
MIONDÍOL FEITHICLE	6
MIONDÍOL	1433
Iomlán	1446



Sherlock Holmes - 12A

15A

“Tá foréigean measartha/láidir ann, lena n-áirítear radhairc le céasadh agus cruálacht leanaí.”

(Comhairle tomhaltóra ar Slumdog Millionaire ar láithreán gréasáin an IFCO)

Slumdog Millionaire

Stiúrtha ag Danny Boyle



AN STIÚRTHÓIR AICMITHE SCANNÁN GNÍOMHACH



GER CONNOLLY

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Gníomhach i mí na Nollag 2009.

Rugadh i mbaile Chill Dara é agus is ann atá sé ina chónaí. Bhain sé Céim B. Comm. amach i UCD. Rinne sé staidéar ar chuntasáocht le Deloitte, Haskins & Sell, agus bhí sé ag obair sa cháil sin sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Bíonn sé ina ionadaí ag Éirinn ag comhairle na nAicmitheoirí Scannán Eorpacha agus tá sé ina ionadaí chomh maith ar Bhord Comhairliúcháin PEGI agus ar Bhord Achomhairc PEGI araon, an córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí.



OLGA BENNETT
Cónaí uirthi i mBaile
Átha Cliath
Iar-Ionadaí Poiblí
1 Leanbh
Ceaptha 1993



MAIREAD MARRON
Cónaí uirthi i Sord
Comhchomhairleoir/
Síciteiripeoir
6 Leanáí
Ceaptha 1995



TOM FITZGERALD
Cónaí air sa Daingean
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanáí
Ceaptha 2002



MARK BRENNAN
Cónaí air i mBaile
Átha Cliath
Iriseoir agus
Léiritheoir Teilifíse
2 Leanáí
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2007



P. J. SHERIDAN
Tá cónaí air i gClaonadh,
Co. Chill Dara
Iar-Sheirbhíseach Poiblí
3 Leanáí
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2007



DAVID POWER
Cónaí air i mBaile
Átha Cliath
Feidhmeannach Gnó
Ceaptha 2006
Conradh in éag 2009



ELIZABETH DAVIDSON
Cónaí uirthi i mBaile
Átha Cliath
Oideachasóir
4 Leanáí
Ceaptha 2008



MARIAN MCGENNIS
Cónaí uirthi i mBaile Briotáis
Co. Laoise
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanáí
Ceaptha 2007



TONY STAPLETON
Cónaí air san Uaimh
Iar-Stiúrthóir Díolachán
5 Leanáí
Ceaptha 1993



JOHN KEITH
Cónaí air san Aonach
Iar-Sheirbhíseach Poiblí
3 Leanáí
Ceaptha 1993

Is í Mary Ita O'Sullivan Bainisteoir na hOifige, agus déanann sí maoirseacht ar fhoireann Státseirbhíseach.

tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.ifco.ie

